**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0335/2020**

15.9.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le forbairt feirmeacha uirbeacha faoin aer

**Annika Bruna, Gilles Lebreton, Catherine Griset, Aurélia Beigneux, Joelle Mélin, Jean-Paul Garraud**

**B9-0335/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le forbairt feirmeacha uirbeacha faoin aer**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí go bhfuil fás ag teacht ar fheirmeacha uirbeacha san Eoraip, mar a léirítear le tionscadal Ionad Taispeántais Pháras, ina ndéanfar, faoi 2022, an fheirm uirbeach is mó san Eoraip (14 000 $m^2$) a bhunú ar dhíon ceann de na hallaí, áit a ndéanfar ar a laghad tona torthaí agus glasraí a tháirgeadh in aghaidh an lae;

B. de bhrí gur feirmeacha iad na cineálacha feirmeacha uirbeacha sin ina ndéantar plandaí a fhás amuigh faoin aer, gan teas agus gan solas inrialaithe, agus go bhfuil siad neamhdhíobhálach don chomhshaol ós rud é nach n-ídítear fuinneamh leo;

C. de bhrí nach mbaineann feirmeacha uirbeacha úsáid as táirgí cosanta plandaí;

D. de bhrí, ar deireadh, go ndéanann na feirmeacha sin daoine i gceantair uirbeacha a nascadh lena mbia, mar aon le slabhraí soláthair gearra a chur chun cinn;

1. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar chómhaoiniú a dhéanamh, ar leithligh ó bhuiséad an Chomhbheartais Talmhaíochta, ar thionscnaimh atá dírithe ar fheirmeacha uirbeacha faoin aer;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún eolas a chur ar thástálacha a d’fhéadfadh a bheith déanta i mBallstáit eile ar mhaithe le taithí ó na tástálacha sin a roinnt;

3. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.